2027.M122S1T

2027L572A1IS1

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta
## Sampla 1

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

## Ardleibhéal

## 2 uair 30 nóiméad

300 marc

**Scrúduimhir**

**Dáta Breithe**

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **trí** roinn sa pháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | **Ceisteanna Éigeantacha**<br>Ceist 1 - Freagair gach cuid den cheist.<br>Ceist 2 - Fócas staidéir roghnach - Freagair gach cuid den cheist. | 100 marc |
| **Roinn B** | **An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh**<br>Ceist 3 - Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais - Freagair 3(a) nó 3(b).<br>Ceist 4 - Scannánaíocht Dualgais - Freagair 4(a) nó 4(b). | 160 marc |
| **Roinn C** | **Machnamh agus Freagairt**<br>Ceist 5 - Freagair 5(a) nó 5(b). | 40 marc |

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Féadfaidh sé nach mbeidh ort úsáid a bhaint as an spás go léir atá curtha ar fáil. Tá spás i gcomhair obair bhreise i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh.**

**Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid, pionsail dathadóireachta san áireamh, ach amháin le haghaidh sceitsí nó líníochtaí. Ná húsáid marcóirí, péint ná aon mheáin fhliucha.**

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Ceisteanna Éigeantacha | 100 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(60 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

**(a)**



***Fíor A.*** *Scannánú á dhéanamh ar an suíomh.*

**(i)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le scannánú a dhéanamh ar an suíomh.

| |
|---|
| 1: |
| |
| |
| |
| |
| 2: |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*



**Fíor B.** Scannánú á dhéanamh i stiúideo.

**(ii)** Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le scannánú a dhéanamh i stiúideo.

| | |
|---|---|
| 1: | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| 2: | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)**

Tabhair breac-chuntas ar an gcúis a mbainfeá úsáid as soilsiú trí phointe i léiriú scannán.
Is ceadmhach léaráid lipéadaithe a úsáid chun tacú le do fhreagra.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(c)**

Scrúdaigh an íomhá shocair i bh**Fíor C** ar Pháipéar X.  Is íomhá í as léiriú Atlanta Lyric de *Young Frankenstein*.

**(i)** Sainaithin **dhá** éifeacht soilsithe atá le feiceáil i bh**Fíor C**.

**(ii)** Mínigh an fáth, dar leat, ar úsáideadh na héifeachtaí soilsithe seo sa radharc atá á léiriú san íomhá seo.

| (i) |
|---|
| 1: |
| |
| 2: |
| |

| (ii) |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(d)**



**Fíor D**. Íomhá shocair as an scannán *Gladiator.*

Is maisíocht físe ríomhghinte iad Íomhánna Ríomhghinte a úsáidtear go minic in iarléiriú scannán. Radharc as an scannán *Gladiator* arna stiúradh ag Ridley Scott atá le feiceáil i bh**Fíor D**. Úsáideadh Íomhánna Ríomhghinte sa radharc sin.

**(i)** Cén fáth, dar leat, ar shocraigh Scott ar Íomhánna Ríomhghinte a úsáid sa radharc atá á léiriú i bh**Fíor D**?

**(ii)** Ainmnigh éifeacht speisialta, seachas Íomhánna Ríomhghinte, **agus** mínigh an fáth a n-úsáidfí sa scannánaíocht í.

| (i) |
|---|
| |
| |

| (ii) |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(e)**

Déan staidéar ar an íomhá as scannán Kurosawa *High and Low* i bh**Fíor E** ar Pháipéar X.

Déan trácht ar éifeacht na húsáide a bhaintear as **dhá** cheann de na gnéithe ceapadóireachta seo a leanas atá le feiceáil sa radharc atá á léiriú i bh**Fíor E**:

seit prapaí aisteoirí spás

| Cuir tic (✓) sna boscaí cuí chun an **dá** ghné atá i gceist i do fhreagra a chur in iúl.<br>seit ☐ prapaí ☐ aisteoirí ☐ spás ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(f)**

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach a bhféadfaí léiriú amharclannaíochta nó scannán a dhéanamh inrochtana ag lucht féachana **amháin** díobh seo:

- Daoine bodhra/lagéisteachta
- Daoine néara-éagsúla.

| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun an grúpa atá i gceist i do fhreagra a chur in iúl.<br>Daoine bodhra/lagéisteachta ☐ Daoine néara-éagsúla ☐ |
|---|
| 1: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| 2: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(g)**

Scrúdaigh na híomhánna thíos i bh**Fíor F1**, i bh**Fíor F2** agus i bh**Fíor F3.**
Roghnaigh **dhá** íomhá díobh agus mínigh cad a nochtann gach ceann díobh duit faoin gcarachtar atá á léiriú.



**Fíor F1**. *The Prime of Miss Jean Brodie*, arna stiúradh ag Ronald Neame (1969).



**Fíor F2**. *The Way of the World* le William Congreave, arna stiúradh ag William Gaskill (1984).



**Fíor F3**. Dráma Christopher Hampton *A German Life,* arna stiúradh ag Johnathan Kent (2019).

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) leis an híomhánna a roghnaigh tú agus mínigh cad a nochtann siad faoi na carachtair atá á léiriú.

| **Fíor F1** ☐ **Fíor F2** ☐ **Fíor F3** ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| **Fíor F1** ☐ **Fíor F2** ☐ **Fíor F3** ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(h)**

Sainmhínigh na téarmaí sa tábla thíos **agus** mínigh an úsáid a bhaintear astu san amharclannaíocht nó sa scannánaíocht.

| | |
|---|---|
| Forstáitse (amharclannaíocht) | Sainmhíniú: |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | Úsáid san amharclannaíocht: |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| Traschéimniú (scannánaíocht) | Sainmhíniú: |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | Úsáid sa scannánaíocht: |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 2** **Fócas staidéir roghnach** **(40 marc)**

Freagair gach cuid den cheist.

| |
|---|
| Tabhair do d'aire:<br>Ar mhaithe leis an measúnú i g**Ceist 2**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha roghnacha a ndéantar staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.<br>**Agus tú ag freagairt na ceiste seo, ní ceadmhach tagairt do dhrámaí ná do scannáin dualgais a bhfuil staidéar agus scrúdú le déanamh orthu in 2027 san ábhar seo ná in aon ábhar eile san Ardteistiméireacht.**<br>Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith. |

**(a)** **Drámaíocht/amharclannaíocht roghnach**

Ainmnigh d'fhócas staidéir roghnach sa drámaíocht/san amharclannaíocht agus sainaithin saintréith thipiciúil **amháin** a bhaineann leis an bhfócas staidéir seo.
Déan plé ar an tslí a mbaintear úsáid éifeachtach as an tsaintréith a shainaithin tú agus bíodh tagairt agat do radharc nó do shliocht **amháin** ar a laghad a ndeachaigh tú i ngleic leis san fhócas staidéir seo.

| |
|---|
| D'fhócas staidéir roghnach sa drámaíocht/san amharclannaíocht: |
| |
| Saintréith: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**(b)** **Scannánaíocht Roghnach**

Ainmnigh d'fhócas staidéir roghnach sa scannánaíocht agus sainaithin saintréith a bhaineann leis an bhfócas staidéir seo.

Mínigh fáth **amháin** a roghnódh cleachtóir a bheadh ag obair san fhócas staidéir seo, úsáid a bhaint as an tsaintréith sin. Bíodh tagairt agat do ghearrthóga nó do shleachta ábhartha as d'fhócas staidéir roghnach chun tacú le do fhreagra.

| D'fhócas staidéir roghnach sa scannánaíocht: |
|---|
| |
| Saintréith: |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Ná scríobh ar an leathanach seo.

## Roinn B — An Drámaíocht, an Amharclannaíocht agus an Scannánaíocht a Iniúchadh — 160 marc

Freagair **Ceist 3** Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais, agus **Ceist 4** Scannánaíocht Dualgais.

**Tabhair do d'aire:**
Ar mhaithe leis an measúnú i **Roinn B**, is éard a thuigtear leis an téarma **fócas staidéir** ná na seánraí/tréimhsí/stíleanna/foirmeacha dualgais a ndearna tú staidéar orthu san amharclannaíocht agus sa scannánaíocht araon.

Cé gur féidir gach ceann de na téarmaí; 'gnéithe', 'gnásanna' nó 'teicnící' a úsáid ina n-aonar nó le chéile, is éard a thuigtear leis an téarma 'saintréith(e)' ná ceann amháin nó níos mó de na gnéithe, gnásanna nó teicnící a bhaineann le fócas staidéir ar bith.

**Ceist 3** — **Drámaíocht/Amharclannaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(80 marc)**

Ainmnigh d'fhócas staidéir dualgais sa drámaíocht/san amharclannaíocht agus sainaithin **dhá** shaintréith a bhaineann leis an bhfócas staidéir seo.

Déan plé ar an tionchar atá ag na saintréithe sin, dar leat, ar an léiriú ainmnithe den dráma dualgais. Bíodh tagairt agat do shamplaí ar leith as an léiriú ainmnithe **agus** do shampla **amháin** ar a laghad as radhairc nó as sleachta as léirithe amharclannaíochta eile san fhócas staidéir seo chun tacú le do phlé.

**NÓ**

**(b)** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas: (i) **nó** (ii) **nó** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Déan plé ar **thrí** ghné de pháirt Olivia William mar Alice i léiriú an National Theatre, Londain de *Mosquitoes*, arna stiúradh ag Rufus Norris, a chuireann, dar leat, le rath foriomlán an léirithe. Bíodh tagairt shonrach agat do pháirt Olivia Williams mar Alice **agus** don léiriú ainmnithe ina iomláine chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(ii)** Déan plé ar **thrí** ghné de pháirt Caitríona Ennis mar Minnie i léiriú Druid de *The Shadow of a Gunman*, arna stiúradh ag Garry Hynes, a chuireann, dar leat, le rath foriomlán an léirithe. Bíodh tagairt shonrach agat do pháirt Caitríona Ennis mar Minnie **agus** don léiriú ainmnithe ina iomláine chun tacú le do fhreagra.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

**NÓ**

**(iii)** Déan plé ar **thrí** ghné de pháirt Shéain T. Uí Mheallaigh mar Dhiarmuid i léiriú Fhíbín de *Tóraíocht*, arna stiúradh ag Mikel Murfi, a chuireann, dar leat, le rath foriomlán an léirithe. Bíodh tagairt shonrach agat do pháirt Shéain T. Uí Mheallaigh mar Dhiarmuid **agus** don léiriú ainmnithe ina iomláine chun tacú le do fhreagra.

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

3(a) ☐ 3(b)(i) ☐ 3(b)(ii) ☐ 3(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

Ná scríobh ar an leathanach seo.

*Leantar den roinn seo ar an gcéad leathanach eile*

**Ceist 4** **Scannánaíocht Dualgais**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(80 marc)**

Ainmnigh d'fhócas staidéir dualgais sa scannánaíocht agus déan plé ar **dhá** shaintréith a bhaineann leis an bhfócas staidéir sin a chuireann go mór, dar leat, leis an scéalaíocht i gcomhthéacs na scannánaíochta. Bíodh tagairt agat do shamplaí ar leith as do scannán dualgais **agus** do shampla **amháin** eile ar a laghad as radhairc nó as sleachta san fhócas staidéir seo chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(b)** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas: (i) **nó** (ii) **nó** (iii). **(80 marc)**

**(i)** Fócas staidéir: **Stíl** - Stíl stiúrthóireachta Steven Spielberg
**Scannán:** *Jaws*

Scrúdaigh an méid a bhaintear úsáid éifeachtach, dar leat, as an bhfuaim **agus** as an eagarthóireacht sa scannán *Jaws*. Bíodh samplaí sonracha agat as an scannán ina iomláine nó as an radharc atá á léiriú san íomhá shocair i bh**Fíor G1** ar Pháipéar X, nó as an dá cheann acu sin, chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(ii)** Fócas staidéir: **Seánra** - Cineama Ealaíne na hEorpa
**Scannán:** *An Cailín Ciúin*

Scrúdaigh an méid a bhíonn tionchar ag leideanna físe **agus** ag móitífeanna a mbaintear úsáid astu arís is arís eile ar do fhreagairt don scannán, *An Cailín Ciúin,* arna stiúradh ag Colm Bairéad. Bíodh samplaí sonracha agat as an scannán ina iomláine nó as an radharc atá á léiriú san íomhá shocair i bh**Fíor G2** ar Pháipéar X, nó as an dá cheann acu sin, chun tacú le do fhreagra.

**NÓ**

**(iii)** Fócas staidéir: **Seánra** – Rómáns
**Scannán:** *Past Lives*

Agus tú ag tagairt don scannán *Past Lives*, arna stiúradh ag Celine Song, scrúdaigh an méid a chabhraíonn **dhá** cheann ar bith de na nithe seo a leanas chun an scannán a shainaithint mar scannán i seánra an Rómáns:

seit feisteas soilsiú dialóg

Bíodh samplaí sonracha agat as an scannán ina iomláine nó as an radharc atá á léiriú san íomhá shocair i bh**Fíor G3** ar Pháipéar X, nó as an dá cheann acu sin, chun tacú le do fhreagra.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

Bain úsáid as an spás seo le haghaidh sceitseála/pleanála/obair gharbh.

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

Cuir tic sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.

4(a) ☐ 4(b)(i) ☐ 4(b)(ii) ☐ 4(b)(iii) ☐

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

| Roinn C | Machnamh agus Freagairt | 40 marc |
|---|---|---|

**Ceist 5**

Freagair (a) **nó** (b).

**(a)** **(40 marc)**

Sainaithin léiriú amharclannaíochta beo **amháin** ar fhreastail tú air mar chuid de do chúrsa Drámaíocht, Scannánaíocht agus Amharclannaíocht. Déan plé ar na bealaí ar chuir do rannpháirtíocht sa phróiseas criticiúil **nó** sa phróiseas cruthaitheach, le linn na Tascanna Cruthaitheacha Feidhmeacha (TCFanna) a dhéanamh, le do fhreagairt phearsanta don léiriú amharclannaíochta beo seo.

**NÓ**

**(b)** **(40 marc)**

Cuir i gcás go bhfuil tú i do stiúrthóir ar ghearrscannán beagchostais.
Bunaithe ar an méid a d'fhoghlaim tú ó bheith rannpháirtíocht sa scannánaíocht nó ón staidéar atá déanta agat ar an scannánaíocht, sainaithin cén **dá** cheann de na nithe seo a leanas a dtabharfá tosaíocht dóibh chun an úsáid is éifeachtaí a bhaint as do bhuiséad beag:

- fiúntas na gceamaraí
- an soilsiú
- an fhuaim
- dearadh an léiriúcháin
- an t-aisteoir/na haisteoirí.

Tabhair réasúnaíocht le gach ceann de do roghanna.

| Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a chur in iúl cén chuid den cheist atá á freagairt agat.<br>5(a) ☐ 5(b) ☐ |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile*

## Spás le haghaidh obair bhreise

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá

á (bh)freagairt agat.

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na ceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

## Spás le haghaidh obair gharbh

Cuir in iúl go soiléir uimhir na ceiste agus an chuid den cheist (de na gceisteanna) atá á (bh)freagairt agat.

Admhálacha

C 1(a). **Fíor A:** Screendaily (2023), https://www.screendaily.com/screen-network/why-dallas-has-a-bright-future-as-a-filming-location-/5187405.article#:~:text=To%20spotlight%20the%20city's%20locations,willing%20to%20work%20with%20projects%E2%80%9D (arna rochtain ar 24.08.2024). **Fíor B**: Hole Films (2024), https://www.holefilms.com/en/2024/03/films-can-always-be-shot-if-not-outdoors-to-studio/ (arna rochtain ar 06.11.2024).
C 1(c). **Fíor C:** Arts ATL (2015), https://www.artsatl.org/review-atlanta-lyric-captures-spirit-silliness-deft-resurrection-young-frankenstein/ (arna rochtain ar 04.09.2024).
C 1(d). **Fíor D**: Screenrant (2024), https://screenrant.com/gladiator-iconic-quotes-entertained/ (arna rochtain ar 12.10.2024).
C 1(e). **Fíor E**: Íomhá shocair as Kurasowa, A (1963), *High and Low*: Toho Co. Ltd.
C 1(h). **Fíor F1:** Maggie Smith i bpáirt Miss Brodie sa scannán *The Prime of Miss Jean Brodie* (1969), arna stiúradh ag Ronald Neame Stargazer Online (2024), https://stargazer-online.com/2024/01/21/why-the-prime-of-miss-jean-brodie-is-worth-reading/ (arna rochtain ar 21/01/2025). **Fíor F2:** Dame Maggie Smith i ndráma William Congreave *The Way of the World*, arna stiúradh ag William Gaskill (1984), https://www.pbs.org/wgbh/masterpiece/specialfeatures/remembering-dame-maggie-smith/# (arna rochtain ar 14.10.2024). **Fíor F3**. Maggie Smith i bpáirt Brunhilde Pomsel i ndráma Christopher Hampton *A German Life* (2019), arna stiúradh ag Johnathan Kent, *The New York Times* (2019), https://www.nytimes.com/2019/04/18/theater/maggie-smith-a-german-life.html (arna rochtain ar 21.01.2025).
C 4(b). **Fíor G1:** Íomhá shocair as *Jaws* © 1975 Universal Studios, Inc. Gach ceart ar cosaint***;*** MovieWeb (2025) https://static1.moviewebimages.com/wordpress/wp-content/uploads/2023/12/jaws-1975.jpg (arna rochtain ar 05/01/2025). **Fíor G2:** Íomhá shocair as *An Cailín Ciúin* AAC: © 2022 Break Out Pictures. **Fíor G3:** Íomhá shocair as *Past Lives* © 2022 Twenty Years Rights LLC. Gach ceart ar cosaint; *The Guardian* (2023), https://www.theguardian.com/film/2023/aug/28/celine-song-past-lives-movie-australia (arna rochtain ar 21/01/2025).

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Staidéar Drámaíochta, Scannánaíochta agus Amharclannaíochta

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad